Aistear
Creatchuraclam na Luath-Óige
The Early Childhood Curriculum Framework

# Sampla de Theimpléad Pleanála Gearrthéarmaí Curaclaim

early childhood ireland

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Teimpléad **samplach** is ea é seo chun cabhrú leat pleananna gearrthéarmacha a chruthú i leith foghlaim agus forbairt leanaí, arna mbunú ar a suimeanna, ar imeachtaí ceiliúrtha agus ar ócáidí atá ag teacht aníos. Tá i gceist leis an bpleanáil seo ná breathnú ar, éisteacht le, labhairt le agus súgradh le leanaí, agus gníomhaíochtaí agus eispéiris shuimiúla, spraíúla a eagrú in éineacht leo. Anseo thíos, tá sampla den chaoi ar úsáid cleachtóir réamhscoile an teimpléad.

**Grúpa:** Seomra réamhscoile

**Dáta:** 18/4/2013

**Céard iad na rudaí a bhfuil spéis ag na leanaí iontu? Céard iad na rudaí is mian leis na leanaí a dhéanamh agus ar mian leo fáil amach fúthu? Cén chaoi ar féidir linn cabhrú leo?**

**Céard iad na himeachtaí séasúracha agus ceiliúrtha a gcaithfimid pleanáil dóibh?**
**Céard a dhéanfaimid?**

*(Leideanna: Breathnaigh ar na leanaí agus iad ag súgradh. Éist agus labhair leo. Labhair le tuismitheoirí. Faigh eolas i leabhair, ar láithreáin ghréasáin agus trí chuairteanna. Déan rudaí. Cuir fearais nua leis.)*

**Siopadóireacht**

Thugamar faoi deara go raibh leanaí ag ligean orthu féin siopadóireacht a dhéanamh, mar sin, thosaíomar plé ar an tsiopadóireacht ar líne. Bheartaíomar soláthairtí a fháil dár naíonra ar líne.

- Déan liosta de na rudaí a theastaíonn uainn le líníochtaí, srl.
- Déan siopadóireacht le haghaidh earraí grósaera ar líne.
- Socraigh an seachadadh.
- Cuir an seachadadh i gcomparáid leis an ordú agus labhair leis an tiománaí.
- Spreag na leanaí chun siopadóireacht ar líne a léiriú dá dtuismitheoirí.

**Tá Oíche Shamhna ag druidim linn**

Rinneamar plé ar a dtarlaíonn ar Oíche Shamhna. Bheartaíomar cóisir Oíche Shamhna a eagrú agus cuirí a thabhairt dár dtuismitheoirí teacht in éineacht linn.

- Déan maisc, hataí agus cábaí.
- Léigh scéalta faoi Oíche Shamhna/scéalta sceimhle.
- Imir leis na focail nua sna scéalta.
- Faigh amach an fáth a ndéantar Oíche Shamhna a cheiliúradh.
- Eagraigh cóisir – cuir liosta na n-aíonna le chéile; dear cuirí; ordaigh/ ullmhaigh bia; déan maisiúcháin; déan cluichí a phleanáil; críochnaigh feistis.

**Céard iad na hacmhainní is féidir linn a úsáid? Cén chaoi a dtacóimid le forbairt teanga na leanaí?**

*(Leideanna: ábhair, cuairteoirí, straitéisí idirghníomhaíochta, focail 'speisialta' a bhfuil nasc acu leis an tsuim/leis an ócáid/ leis an imeacht ceiliúrtha)*

**Siopadóireacht**

- Ríomhaire glúine, pinn agus páipéar le haghaidh liostaí agus líníochtaí, cárta creidmheasa
- Ciseáin agus pacáistí do sheachadtaí
- Fáisc-chlár/aonad iniompartha chun síniú le haghaidh seachadtaí
- Leabhair scéalta a bhaineann leis an tsiopadóireacht
- Focail le húsáid i ndáil leis an tsiopadóireacht, mar shampla, *cárta creidmheasa, veain seachadta, trom, éadrom, earraí grósaera*.

**Oíche Shamhna**

- Páipéar, cairtchlár, pinn, fabraic, snáthaidí móra agus snáithe, inneall fuála (más infhaighte), stáplóir, bandaí leaisteacha, bia, torthaí
- Focail le húsáid i ndáil le carachtair mhaisithe, mar shampla, *cailleach, taibhsí, puimcín, bob nó bia*
- Leabhair scéalta a bhaineann le hOíche Shamhna

**Cén chaoi a mbeimid in ann an méid a bhí foghlamtha ag na leanaí a mheas? Cén chaoi a ndéanfaimid é seo a dhoiciméadú agus a chomhroinnt?**

*(Leid: Féach na póstaeir maidir le téamaí Aistear. Smaoinigh faoi ghrianghraif, faoi thaifid agus scéalta foghlama, faoi líníochtaí agus scríbhinní, faoi dhíospóireachtaí, faoi phunanna, faoi irisí, faoi chruinnithe le tuismitheoirí.)*

- Glac grianghraif agus cuir foscríbhinní gairide leo.
- Cum scéalta foghlama in éineacht leis na leanaí. Cuir ar taispeáint iad agus roinn leis na tuismitheoirí iad.
- Tabhair spreagadh do na leanaí labhairt lena dtuismitheoirí faoina bhfuilimid a dhéanamh.
- Déan iad a nascadh le *hAistear*: An tSiopadóireacht – *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*, aidhm 1, sprioc foghlama 2; Oíche Shamhna – *Cumarsáid*, cuspóir 1, sprioc foghlama 3.

Rinneadh an acmhainn seo a fhorbairt tríd an tionscnamh *Aistear i nGníomh*.